[Ábhar]: Fachtóirí táille

A Dhuine Uasail/A Bhean Uasal,

Táimid ag scríobh chugat mar gur féichiúnaí táillí atá cláraithe ar thairseach ar líne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) thú le haghaidh táillí maoirseachta (https://pasos.ecb.europa.eu/banklogin).

Amhail ón 1 Eanáir 2020, i gcás fhormhór na bhféichiúnaithe táillí, déantar sonraí maoirseachta maidir le tuairisciú airgeadais (FINREP) agus tuairisciú comhchoiteann (COREP) trí údaráis náisiúnta inniúla (ÚNIanna) a athúsáid chun fachtóirí táillí a bhailiú. Ní mór do dhá chatagóir d'fhéichiúnaí táillí leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar na fachtóirí táille tríd an teimpléad atá foilsithe ar shuíomh gréasáin maoirseachta baincéireachta BCE: (i) grúpaí a eisiann sócmhainní agus/nó méideanna neamhchosanta ar riosca fochuideachtaí i mBallstáit neamh-rannpháirteacha; agus (ii) brainsí bunaithe i mBallstáit rannpháirteacha ag institiúidí creidmheasa ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha nach bhfuil faoi réir Rialachán FINREP BCE.

Anois is féidir le gach féichiúnaí táillí athbhreithniú a dhéanamh ar na fachtóirí táille a úsáideadh chun táillí aonair a ríomh. Tabhair faoi deara, go bhfuil do shonraí maidir le fachtóirí táillí anois á bhfoilsiú ar thairseach ar líne BCE lena n-athbhreithniú. Má mheasann tú go bhfuil na sonraí mícheart, féadfaidh tú nóta trachta a scríobh agus/nó sonraí leasaithe a chur ar fáil lena mbreithniú trí theagmháil a dhéanamh le BCE faoi 18:00 CET ar an 05 Feabhra 2021 ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: SSM-fee-enquiries@ecb.europa.eu. Ina dhiaidh sin, úsáidfear na fachtóirí táille chun do tháille maoirseachta bliantúla le haghaidh 2020 a ríomh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir sonraí FINREP agus COREP a athrú go cúlghabhálach. Mar sin féin, chun críocha táillí, a luaithe a bheidh sonraí á n-úsáid agus an táille mhaoirseachta á ríomh le haghaidh tréimhse táille ar leith, ní chuirfear leasuithe todhchaí san áireamh agus ní dhéanfar aon athríomh ar tháillí maoirseachta.

Má tá aon cheist agat maidir le d'oibleagáidí (nó aon saincheisteanna eile) a bhaineann le táillí, beidh an BCE in ann an tacaíocht chuí a chur ar fáil duit trí ríomhphost a sheoladh chuig SSM-fee-enquiries@ecb.europa.eu. Ina theannta sin, tá faisnéis ghinearálta úsáideach faoi tháillí maoirseachta le fáil ar shuíomh gréasáin maoirseachta baincéireachta BCE https://www.bankingsupervision.europa.eu/organisation/fees/html/index.en.html.

Le dea-mhéin,

Foireann fiosrúchán táille an tSásra Aonair Maoirseachta